# An tSraith Shinsearach

## Tráth 4: **Teaghlaigh na Lúcháire**

**Eochairfhocail:**

**CAITICÉIS**
**CEILIÚRADH IDIRNÁISIÚNTA**
**COMHDHÁIL**
**FÁIDHIÚIL**
**COMHARTHA CINEÁLTAIS**
**ROINNT**
**FÁITHE**
**MÍORÚILTÍ**
**SCANNAL**
**MÍFHOIGHNEACH**
**FORÓGRA**
**DÉSCARADH SEAFÓIDEACH**

### Cad é Cruinniú Domhanda na dTeaghlach?

F

**Féach:** worldmeeting2018.ie/en/About/About-WMOF2018 (3 nóim 09)

Chruthaigh An Pápa Eoin Pól II an chéad Chruinniú Domhanda na dTeaghlach sa bhliain 1994. Tharla an ócáid sa Róimh. Ceiliúradh a bhí ann ar thábhacht an phósta agus an tsaoil teaghlaigh don tsochaí, agus don Eaglais chomh maith. Eagraítear gach tríú bliain í, mar cheiliúradh idirnáisiúnta ar lúcháir an teaghlaigh agus an phósta.

G

**Gníomhaíocht**

Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018 (worldmeeting2018.ie). Déan amlíne a chruthú a léiríonn stair Chruinniú Domhanda na dTeaghlach. Luaigh na dátaí, na láithreacha, na Pápaí éagsúla a bhaineann le hócáidí na Comhdhála.

### Cad a tharlóidh in Éirinn i rith Chruinniú Domhanda na dTeaghlach?

| | |
|---|---|
| 21 Lúnasa 2017 | Seoladh chlár aonbhliana ag Cnoc Mhuire ag ullmhú don Chomhdháil |
| 21 Lúnasa 2018 | Oscailt Náisiúnta Chruinniú Domhanda na dTeaghlach Baile Átha Cliath |
| 22–25 Lúnasa 2018 | Comhdháil thrí lá; urnaí, ceiliúradh, caiticéis |
| 26 Lúnasa 2018 | Féile na dTeaghlach |
| 27 Lúnasa 2018 | Ceiliúradh Sollúnta Eocairisteach (Pápa Proinsias i láthair, le cúnamh Dé) |

San aitheasc a thug sé ag Cruinniú Domhanda na dTeaghlach, Filideilfia 2015, bhí an Pápa ag cur síos ar na comharthaí ceana a léirímid lena chéile i measc an teaghlaigh; beirtear barróg orainn ar fhilleadh abhaile dúinn, cuirtear béile blasta ar fáil dúinn ag deireadh an lae. Labhair an Pápa mar seo:

Is sinne, na Críostaithe, lucht leanúna Chríost. Iarraimid cabhair ó theaghlaigh na cruinne. Féach an oiread againn atá i láthair inniu! Is rud fáidhiúil é, míorúilt i saol an lae inniu. Tá pobal an domhain bréan den roinnt a bheith á chruthú, de na tubaistí móra laethúla, den ghortú forleathan. Á dá ndéanfaí fáithe dínn! Ba mhaith an rud é go mbeimis oscailte chuige, iontais an ghrá a roinnt lena chéile ionas go gcuirfí sinn féin, ár muintir, agus pobal na cruinne ar ár leas. Is é seo an bealach ina bhféadfaí an scannal a bhaineann leis an an grá beagintinneach a shárú, an grá sin a bhíonn leithleach, mífhoighneach den duine eile! Luaigh mé an focal mífhoighneach. An mbíonn sibh ag scréachach ar a chéile sa bhaile, nó an labhraíonn sibh ar bhealach lách comhbhách? Is teist mhaith é ar an ngrá, an bealach ina labhraímid lena chéile.

**G** **Gníomhaíocht:**
Scríobh freagraí ar an ábhar thíos (is féidir iad a fhreagairt le do pháirtí):

- Faigh foclóir agus aimsigh brí na bhfocal atá i gcló dearg thuas.
- Cad is brí le 'roinnt a bheith á chruthú, tubaistí móra laethúla, gortú forleathan'?
- Cad iad míorúiltí an ghrá a rachadh chun leas ár muintire?
- Cad iad míorúiltí an ghrá a rachadh chun leas ár muintire féin, agus leas teaghlaigh an domhain?
- Freagair an cheist a chuir An Pápa Proinsias ag Cruinniú Domhanda na dTeaghlach, Filideilfia: An mbíonn sibh ag scréachach ar a chéile sa bhaile, nó an labhraíonn sibh ar bhealach lách comhbhách? An bhféadfaimis feabhas a chur ar úsáid na teanga?
- Cad a bhí i gceist ag an bPápa nuair a dúirt sé, 'Féach an oiread againn atá i láthair inniu! Is rud fáidhiúil é, míorúilt i saol an lae inniu'.

Le trí bliana anuas tá Seachtain na Scoileanna Caitliceacha go mór faoi thionchar na doiciméid seo leanas a scríobh An Pápa Proinsias:

- *Evangelii Gaudium* (An Soiscéal a Chraobhscaoileadh i Saol an Lae Inniu)
- *Laudato Si'* (Aire don Domhan Coiteann)
- *Amoris Laetitia* (An Grá i Measc an Teaghlaigh)

Ní leor an t-ábhar seo a léamh, caithfimid mar Chríostaithe, brí na bhfocal a chur i gcrích. Caithfear an Soiscéal a roinnt leis an saol, caithfear an domhan coiteann a chaomhnú, caithfear aitheantas a thabhairt do thábhacht an ghrá pósta agus don saol teaghlaigh. Ní aon rud deacair a leithéid a dhéanamh, dar leis an bPápa. Má bhímid ag déileáil leis an duine eile mar dheartháir nó mar dheirfiúr, mar mhac nó mar iníon, beidh an Soiscéal á chur i bhfeidhm go beo beathach againn. Beidh 'Lúcháir an tSoiscéil' le sonrú ionainn, agus beidh rath ar an saol dá bharr.

**M** **Machnamh:**
Bí ag smaoineamh ar an mbealach ina bhféadfá teachtaireacht an Phápa a chur i bhfeidhm sa bhaile. Níl aon smacht againne ar iompar an duine eile ar uairibh, nó ar an fhreagra a thabharfaí orainn. Scríobh nótaí i do chóipleabhar maidir leis na rudaí a chuirfidh tú féin i ngníomh leis an Soiscéal a roinnt le do mhuintir. (Bíodh a fhios agat nach furasta a dhéanamh!)

## Cé hé An Pápa Proinsias?



(Foinse: www.independent.co.uk)

**Féach:** biography.com/people/pope-francis-21152349 (3 nóim 06)

**Plé:**
San fhíseán deirtear gur éist Dia le guí an phobail nuair a roghnaíodh An Pápa Proinsias, le dóchas agus athrú a chur i bhfeidhm sa Vatacáin.

- Cad is brí leis an ráiteas agus cad iad na hathruithe a chuirfeadh sé i bhfeidhm san Eaglais?
- Luaigh cuid de na hathruithe fóinteacha a chuir An Pápa Proinsias i bhfeidhm.

**Gníomhaíocht:**
Breathnaigh ar na pictiúir. Cé leis na bróga éagsúla?






**Plé:**
Cén teachtaireacht a bhaineann le caitheamh na mbróg?

**Obair Bhreise:**
Tá cónaí orainn i sochaí an tomhaltais. Cad iad na hathruithe a chuirfeadh daoine i bhfeidhm ina saol le tabhairt le fios nár aontaigh siad leis an saol sin? Scríobh na tuairimí sa chóipleabhar.

**Féach** josemariaescriva.info/article/pope-francis5c27-eight-tips-to-improve-family-life (4 nóim 52)

Seo achoimre ar ocht moladh an Phápa Proinsias maidir leis an saol teaghlaigh a fheabhsú:

1. Bígí ag argóint más maith libh, ach bíodh síocháin eadraibh ag deireadh an lae
2. Is féidir le gníomh beag bídeach tús a chur leis an tsíocháin
3. Foghlaimítear an maithiúnas tríd an mBíobla a léamh
4. Déan iarracht – bí ag saothrú ar ghaolta maithe a dhéanamh
5. Bí báite sa tuismíocht
6. Bíodh am agat do na páistí
7. A pháistí – ná bainigí mí-úsáid as an teicneolaíocht
8. Baineann an-tábhacht leis na seantuismitheoirí agus leis na daoine aosta

**Plé:**
Cad é do bharúil faoi ocht moladh An Phápa Proinsias?

**Obair Bhreise:**
Scríobh ocht moladh bunaithe ar an taithí atá agat féin ar an saol teaghlaigh.

**F** **Féach:** youtu.be/sGH20H8AV2U (2 nóim 3)

Arsa An Pápa Proinsias san fhíseán:

Táthar ann a deir gur féidir gaol díreach dlúth pearsanta a bheith againn le hÍosa Críost taobh amuigh de shaol agus d'idirghabháil na hEaglaise. Is dainséarach smaoineamh dá leithéid. Dar leis an bPápa Pól VI is déscaradh seafóideach é seo.

Bíodh gur teanga chasta atá sa ráiteas thuas, tá teachtaireacht shimplí ann. Caithimid a thuiscint nach féidir linn an saol a chaitheamh ar ár son féin amháin. Caitear an saol sa bhaile agus an saol poiblí mar bhall teaghlaigh. Ní féidir saol leithleach dúnta a chaitheamh. Is cuid den saol mór sinn. Ar scáth a chéile a mhairimid. Mar dheartháireacha, mar dheirfiúracha, mic nó iníonacha a chuirimid fúinn.

**D** **Plé:**
Pléigh an teachtaireacht thuas agus scríobh in bhur bhfocail féin mar rang é.

**G** **Gníomhaíocht:**
Gníomhaíocht: Samhlaigh go bhféadfadh duine cur isteach ar an bpost a bheith mar Phápa.

- I ngrúpaí daoibh, cruthaigh CV do Jorge Mario Bergoglio. Scríobh gach eolas faoin oideachas atá air, na poist a bhí aige, na doiciméid ar scríobh sé. Scríobh na scileanna atá aige a chabhródh leis, an post fógartha a bhaint dó féin.
- Scríobh sibh féin, duine i ndiaidh duine, litir mholta do Jorge Mario Bergoglio. Luaigh na gníomhartha móra a rinne sé agus abair na fáthanna gur eisean an duine is oiriúnaí don phost.

**M** **Machnamh:**
Táthar ag súil leis go mbeidh An Pápa Proinsias in Éirinn i rith Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018. Scríobh cuireadh don Phápa Proinsias teacht agus cuairt a thabhairt ar do theaghlach. Ní bheidh ar a chumas bualadh le mórán daoine, agus mar sin caithfidh tú a chur ina luí go mór air gur sibhse an teaghlach is fearr agus is oiriúnaí a chaithfeadh am leis.

